An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Leabhrán Acmhainní

# Amharc-ealaín

*2019-2020*

Ionad Oideachais Mhuineachain
An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

CC BY NC


# Seiceáil isteach agus machnamh ar an dturas chuige seo

Cad é an tairbhe dhearfach a tháinig ar fhoghlaim scoláirí as na hathruithe in Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí?

# Machnamh ar Visual Thinking Strategies (VTS)

| Cad iad na tuairimí a bhí agat ar an rud a tharla? | Conas a bhí an t-eiséireas VTS duitse mar fhoghlaimeoir? |
|---|---|
|  | |

# Visual Thinking Strategies



## NÓTAÍ

## Cultúr agus léirthuiscint amhairc

Cad iad na straitéisí praiticiúla a d'úsáid tú le scoláirí chun a dtuiscint ar chultúr agus ar léirthuiscint amhairc a fhorbairt?

# Torthaí foghlama Amharc-ealaíne

## Snáithe 1: Ealaín

Is í is ealaín, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Leagtar béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith staidéar na healaíne trí léirthuiscint agus plé criticiúil.

| **Gnéithe** | Torthaí foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 1.1 | anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair dhuine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí |
| | 1.2 | freagairt do shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | 1.3 | critic a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | 1.4 | taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú |
| | 1.5 | an domhan a léirmhíniú agus smaointe a chur in iúl trí mhodh amhairc |
| | 1.6 | líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 1.7 | modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú |
| | 1.8 | samplaí den amharc-ealaíne stairiúil agus chomhaimseartha a phlé |
| | 1.9 | díospóireacht a dhéanamh maidir leis an luach a chuireann sé féin agus an tsochaí ar shaothar ealaíne |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | 1.10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i saothar ealaíne a shainaithint |
| | 1.11 | úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas |
| | 1.12 | a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh |
| **Meáin** | 1.13 | meáin a úsáidtear chun saothar ealaíne a chruthú, a shainaithint |
| | 1.14 | meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú |
| | 1.15 | léirmheas a dhéanamh ar an rogha meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile |

## Snáithe 2: Ceardaíocht

Is é is ceardaíocht ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil leo a tháirgeadh. Le béim ar phróisis agus ábhar, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú.

| **Gnéithe** | Torthaí foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 2.1 | teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le cineál ceardaíochta amháin nó níos mó a shainaithint agus a úsáid |
| | 2.2 | smaointe a dhiancheistiú agus a chur in iúl faoi cheardaíocht dhifriúil le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | 2.3 | machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | 2.4 | a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú |
| | 2.5 | a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht |
| | 2.6 | iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta ach líníocht agus déanamh mairc a chur i bhfeidhm go teicniúil agus go cruthaitheach |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 2.7 | na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceardaíocht dhifriúil a shainaithint |
| | 2.8 | scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna chultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú |
| | 2.9 | measúnú a dhéanamh ar thagairtí an chultúir amhairc a chuimsítear in obair cheardaíochta |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | 2.10 | cur síos a dhéanamh ar ghnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceardaíocht dhifriúil |
| | 2.11 | taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile |
| | 2.12 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |
| **Meáin** | 2.13 | ról na meán i bhforbairt obair cheardaíochta a shainaithint |
| | 2.14 | meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú |
| | 2.15 | an rogha meán ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |

## Snáithe 3: Dearadh

Is é is dearadh ann, an próiseas a bhaineann le pleanáil, réiteach fadhbanna agus cruthú. Is féidir leis a bheith ina fhreagra ar achoimriú, gá nó cás ar leith. Úsáidtear íomhánna agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl le béim ar phróiseas pleanála, ar réiteach fadhbanna agus ar chur i gcrích, le líníocht mar bhealach le smaoineamh.

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | 3.1 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid le cur síos a dhéanamh ar shaothar dearaidh éagsúil |
| | 3.2 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú |
| | 3.3 | teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothar dearaidh agus critíc a dhéanamh air |
| **Líníocht** | 3.4 | coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí |
| | 3.5 | triail a bhaint as rud le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach |
| | 3.6 | saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | 3.7 | cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha |
| | 3.8 | cleachtais dearaidh stairiúla agus chomhaimseartha a phlé |
| | 3.9 | na coincheapa dearaidh a rinne dearthóirí stairiúla agus comhaimseartha a chosaint |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | 3.10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i samplaí de shaothar dearaidh a mhíniú |
| | 3.11 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid |
| | 3.12 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a mheasúnú trína eolas ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha a úsáid |
| **Meáin** | 3.13 | cur síos a dhéanamh ar úsáid na meán i samplaí de shaothar dearaidh |
| | 3.14 | na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh |
| | 3.15 | coincheapa dearaidh agus úsáid meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile a chosaint |

| Torthaí foghlama Cultúr agus léirthuiscint amhairc | | |
|---|---|---|
| **Ar Bhonn Aonair** | | **I gcomhar le chéile** |
| Cén fhoghlaim is minice a tharlaíonn i seomra ranga Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí i do thuairim? | An bhfuil réimsí ar bith eile le forbairt? | Cén chuma atá ar **an bhfoghlaim** seo i do sheomra ranga i dtaca le cultúr agus léirthuiscint amhairc? |

# CÁS-STAIDÉAR

## Pobalscoil Eileen Gray

Tá dhá rang Amharc-Ealaíne dara Bliain sa scoil chomhoideachais seo. Tá suim faoi leith ag an gcohórt seo scoláirí i spórt, ceol agus scannáin. Diagnóisíodh go raibh riachtanais bhreise foghlama ag seachtar de na scoláirí agus tá scoláire amháin ag leanúint Clár Foghlama Leibhéal 2.

Bhí an grúpa ag plé le roinnt de na Torthaí Foghlama don Amharc-Ealaín anuraidh trí na blasmhodúil. Ba i réimse roghnú agus iniúchadh foinsí príomha a d'fhorbair an roinn seo ceann dá cuid láidreachtaí i rith na chéad bhliana, i measc an dá ghrúpa. Aontaíodh gur chóir é sin a fhorbairt tuilleadh i mbliain a dó. Léirigh an roinn freisin go raibh tuilleadh airde le díriú ar scileanna amharclitearthachta scoláirí i dtaca lena rannphairtíocht le cultúr agus le léirthuiscint amharc de. Mar sin de, is é fócas na n-aonad foghlama ag tús na dara bhliana breathnú ar agus freagairt do réimse leathan íomháineachais agus déantán, sula ndéanfar machnamh arís ar dhul chun cinn scoláirí agus sula gcruthófar an chéad aonad eile.

## Torthaí foghlama I bhfócas

| | |
|---|---|
| **Leibhéal 3** | **Torthaí Foghlama 2.8 –** scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna chultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú |
| **Leibhéal** 2 **(L2LP)**<br>**ATF**: Cumarsáid agus Litearthacht:<br>**Míreanna**: Labhairt mar is cuí ar chuspóir**í** éagsúla agus aireachas mar éisteoir a thaispeáint | **Torthaí Foghlama A4** -<br>Tuairimí pearsanta, fíricí agus mothúcháin a chur in iúl, mar is cuí, m.sh. tuairim a chur in iúl faoi chlár teilifíse, nuacht ón deireadh seachtaine a bhí acu a chur in iúl |

## Ag Pleanáil le Torthaí Foghlama


Cad iad na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim do na scoláirí seo i do thuairim?

Sainaithin an Fhoghlaim sna Torthaí Foghlama thuas.

# NÓTAÍ


# Cothromaíocht


Is ionann **cothromaíocht** agus bealach chun gnéithe ealaíne a chónascadh chun mothú sástachta nó seasmhachta a chur le saothar ealaíne. Is féidir le trí chineál cothromaíochta a bheith ann: siméadrach, neamhshiméadrach nó gathach.




Ciallaíonn **cothromaíocht shiméadrach** (*nó* cothromaíocht fhoirmitheach) dáileadh measartha cothrom de mheáchan fisiciúil nó de ghníomhaíocht ar gach taobh d'ais láir – amhail beirt pháistí ar aon mhéid ar chrandaí bogadaí. Ní bhíonn a lán ealaíne cothrom go siméadrach cionn is go mbeadh taobh amháin ina íomhá scáthánach ar an dtaobh eile. Is féidir le cothromaíocht shiméadrach tionchar suaimhneach seasmhach a chruthú


Is rud neamhfhoirmiúil í **an chothromaíocht neamhshiméadrach** agus cuireann sí san áireamh gnéithe amhail dath, déine, agus luach / tuin chomh maith le méid agus cruth. Bíonn tionchar ag na cáilíochtaí seo uile ar an meáchan follasach fisiciúil a bhíonn le feiceáil i saothar ealaíne. Is féidir cruth mór suite de dheas do lár íomhá a chothromú le cruth níos lú atá suite i ndeas don imeall. Is féidir freisin cruth mór bán ar thaobh amháin de phictiúr a chothromú le cruth mór mar an gcéanna a bhfuil dath éadrom air ar an dtaobh eile. Is féidir le cruth dorcha níos lú, áfach, an toradh céanna a chruthú.







Is ionann **cothromaíocht ghathach** agus cineál ar bith cothromaíochta bunaithe ar chiorcal agus a dhearadh ag síneadh amach ón lár. Is furasta pointe fócasach a choinneáil i gcothromaíocht ghathach, cionn is go dtreoraíonn na gnéithe uile do shúil chuig an lár. Is samplaí de chothromaíocht ghathach iad réalta, an t-imreasc thart ar mhac imrisc na súile, spócaí ar roth, agus nóinín (i measc an iomad bláthanna agus cineálacha eile plandaí)




# Ag machnamh ar d'eispéireas MRB

| Cérbh iad na héachtaí? | Cérbh iad na dúshláin? |
| --- | --- |
| | |

Nótaí



# Gnéithe na hAmharc-ealaíne

| | | |
|---|---|---|
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | Úsáideann an scoláire teanga chriticiúil agus amhairc chun saothar ealaíne a phlé, a thuiscint agus a mheas, cibé ar leis féin nó le scoláire eile é. Ceadaíonn sé don scoláire íomhánna a fhiosrú ar bhealach níos iomláine agus níos machnamhaí. Féadfaidh an scoláire teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a smaointe a chur in iúl don mhúinteoir, do scoláirí eile nó don phobal i gcoitinne. Mar gheall ar chumas an scoláire lena húsáid, bíonn leibhéal níos airde inniúlachta agus muiníne aige nuair a fhreagraíonn sé do chultúr amhairc an domhain chomhaimseartha nó stairiúil agus do thimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha agus nuair a théann sé i ngleic leo. |  |
| **Líníocht** | Is í an Líníocht an teanga bhunúsach atá lárnach i ngach gníomhaíocht a dhéanann an scoláire sna trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Tá sé ríthábhachtach i gcomhair fiosrúcháin, cur in iúl, cur síos agus chun faisnéis amhairc a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go mbeadh taithí ag an scoláire ar líníocht ó bhreathnú, lena n-áirítear bunfhoinsí agus líníocht ón mbeo agus líníocht thrialach agus shamhlaíoch, mar aon le smaointe a fhorbairt trí mhodhanna 2T, 3T nó digiteacha. Foirm ealaíne ann féin is ea an líníocht. Caithfidh an scoláire a scileanna líníochta a úsáid agus a fhorbairt thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. |  |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | Aithnítear i gCultúr agus léirthuiscint amhairc gur áit níos fisiciúla atá sa domhan nuaaimseartha anois, a chuimsíonn réimse leathan spreagthaí amhairc cosúil le hailtireacht agus dearadh uirbeach, fógraíocht, meáin nua, an t-idirlíon, mínealaín, ceardaíocht, dearadh, grianghrafadóireacht, faisean agus neart eile nach iad. Léitear leideanna neamh-théacsbhunaithe agus íomhánna go fisíúil ag ráta i bhfad níos tapúla ná teachtaireachtaí téacsbhunaithe. Uaireanta, leis an méid íomhánna atá mórthimpeall air, ní mór don scoláire na teachtaireachtaí amhairc sin a thuiscint agus a dhíchódú, mar aon le cultúr amhairc sochaithe eile. Caithfear an t-eolas agus an tuiscint sin a chur in iúl trí ghnáth-theanga an scoláire a úsáid mar aon leis an teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann leis na trí snáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. |  |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | Is iad Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha na bloic thógála ar a dtógtar aon saothar ealaíne a chruthóidh an scoláire. Is féidir a gcur i bhfeidhm i saothar 2T, 3T nó digiteach a anailísiú trína n-úsáid a mheas go cnuasaitheach nó astu féin. Áirítear leis na gnéithe ealaíne, an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún. Áirítear leis na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, armóin, solas, spás, scála agus codarsnacht. |  |
| **Meáin** | Is gné thábhachtach iad úsáid agus rogha meán a thrasnaíonn na trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Úsáidtear meáin chun idirghníomhú, cruthú, nascadh agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. Sa saothar, a chruthóidh an scoláire, is féidir leis uirlisí agus modhanna traidisiúnta a úsáid nó bealaí nua, comhaimseartha nó digiteacha. Féadfar eolas ar theicneolaíochtaí nó ar phróisis a chuimsiú i meáin chomh maith. |  |

# Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill. Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén cheann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

## Amharc-ealaín MRB 1 – *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*

| Tuairisceoir | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | **Thar barr ar fad**<br><br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint anmhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu<br>• Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna an-mhaith<br>• Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal an-mhaith ar fud na hoibre |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | **Os cionn na n-ionchas**<br><br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu<br>• Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna go maith<br>• Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal maith ar fud na hoibre |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu ▪<br>• Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna réasúnta<br>• Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal réasúnta ar fud na hoibre |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an dtasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint theoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid theoranta astu<br>• Tá cáilíocht na forbartha i dtéarmaí smaointe agus scileanna teoranta<br>• Léirítear fianaise ar dhul i ngleic leis an bpróiseas ealaíonta ar leibhéal teoranta ar fud na hoibre |

# Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill. Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

## Amharc-ealaín – *Cuir in iúl agus Déan Machnamh* [1]

| Tuairisceoir | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | **Thar barr ar fad**<br><br>• Léiríonn an obair léirmhíniú an-mhaith ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail<br>• Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte, pearsanta agus cothaithe<br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint anmhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid an-mhaith astu<br>• Tá an machnamh an-mhaith agus léirítear tuiscint an-mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur air, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | **Os cionn na n-ionchas**<br><br>• Léiríonn an obair léirmhíniú maith ar an dtéama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail<br>• Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte agus pearsanta<br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint mhaith ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid mhaith astu<br>• Tá an machnamh go maith agus léirítear tuiscint mhaith ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó | **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>• Léiríonn an obair léirmhíniú réasúnta ar an téama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail<br>• Tá an taighde a chuirtear i láthair diongbháilte<br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint réasúnta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid réasúnta astu<br>• Tá an machnamh réasúnta agus léirítear tuiscint réasúnta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an dtasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>• Léiríonn an obair léirmhíniú teoranta ar an dtéama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail<br>• Tá an taighde a chuirtear i láthair teoranta<br>• Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint theoranta ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid theoranta astu<br>• Tá an machnamh teoranta agus léirítear tuiscint theoranta ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh |

1 Is dréacht de na Gnéithe Cáilíochta atá anseo agus, dá réir, is féidir go ndéanfaí leasuithe orthu tar éis iad a úsáid le fíorphíosaí oibre scoláirí. Foilseofar na GCnna leasaithe in eagrán nuashonraithe den doiciméad seo in Earrach 2020.

# Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 2

## Ceisteanna le cur san áireamh

**Léiríonn an obair léirmhíniú …. ar an dtéama/na téamaí roghnaithe trí líníocht agus triail**

- Conas is féidir leis na scoláirí s'againn a chur in iúl gur mheabhraigh siad ar an dtéama/ na téamaí tríd an líníocht?
- Cad iad na hábhair, teicnicí nó cuir chuige ar féidir lenár scoláirí triail a bhaint astu?
- Cad iad na foinsí príomha a bhaineann leis an téama s'acu is féidir lenár scoláirí a bhailiú agus a chur le chéile?
- Cé chomh tábhachtach is atá sé go mbíonn ceangal pearsanta acu leis na rudaí a bhailíonn siad?

**Tá an taighde a chuirtear i láthair ….**

- Cén chuma a bhíonn ar thaighde físiúil?
- Cén chiall atá againn le 'a bhfuil cuspóir leis'?
- Conas a léireoidh scoláirí taighde físiúil atá pearsanta agus / nó leanúnach?

**Léiríonn an obair a cuireadh isteach tuiscint … ar ghnéithe na hAmharc-ealaíne agus baintear úsáid … astu**

An dtuigeann agus an úsáideann na scoláirí s'againn gnéithe den Amharc-Ealaín trína gcuid saothair?

- Teanga chriticiúil agus amhairc
- Líníocht
- Cultúr agus léirthuiscint amhairc
- Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha
- Meáin

**Tá an machnamh …. agus léirítear tuiscint …. ann ar an gcaoi a bhforbrófar an obair tuilleadh**

- Conas a léirigh na scoláirí s'againn go ndearna siad machnamh le linn a gcuid oibre?
- An féidir machnamh a léiriú ar bhealach físiúil?
- Ar léirigh siad tuiscint ar an gcaoi a bhforbróidh siad a gcuid saothair níos mó?

# SÉ CHÉIM CHUN AN RUD A FHEICEANN TÚ A THUISCINT

## FEIC

Is féidir go mbeadh an chéad chéim sa bpróiseas Art of Seeing Art™ measartha soiléir. Ach tá sé chomh tábhachtach sin gur fiú aird ar leith a dhíriú air. Lig duit féin an t-am a thógáil chun moilliú beagán agus breathnú go cúramach.

## BREATHNAIGH

Le linn breathnóireachta is í an ghrinnfhéachaint atá tábhachtach. Is próiseas gníomhach é an bhreathnóireacht, a éilíonn idir am agus aird. Is anseo a thosaíonn an breathnóir a thógáil catalóg mheabhrach de ghnéithe fisiúla na híomhá.

## FEIC

Is gníomh fisiceach é amharc; is próiseas meabhrach tuisceana í feiceáil. Baineann feiceáil le heolas a thógann na súile isteach a aithint nó a nascadh le do chuid réamheolais agus taithí chun ciall a dhéanamh. Éilíonn sé sin am agus aird.

## CUIR SÍOS

Is féidir le cur síos cabhrú leat do chuid smaointe i dtaobh a bhfuil feicthe agat a shainaithint agus a eagrú. Is féidir cur síos a shamhlú ar a bheifeá ag déanamh liosta cúramach. Cad iad na fíoracha, na nithe agus na suíomhanna a aithníonn tú?

## ANAILÍSIGH

Úsáideann anailísiú na mionsonraí atá sainaitheanta agat i do chuir síos agus úsáideann sé an mheabhair chun ciall a bhaint as. Is deis é an anailís chun meabhrú conas a théann na fíoracha, na nithe agus na suíomhanna atá sainaitheanta agat i do chur síos le chéile chun scéal a insint.

## LÉIRMHÍNIGH

Tugann an chéim dheiridh i bpróiseas Art of Seeing Art™ 'léirmhíniú', Ceanglaíonn sé na cuir síos a rinne muid agus ár gcuid anailíse lenár gcuid réamheolais agus le heolas ar bith atá againn faoin ealaíontóir agus faoin obair. Tugann 'léirmhíniú' deis dúinn teacht ar thuairimí faoin íomhá.

The Art of Seeing – devised by the Toledo Museum, Ohio
https://www.toledomuseum.org/education/visual-literacy/art-seeing-art

# Na Pointí Iontrála

Sainaithníonn Howard Gardner, síceolaí cognaíochta agus oideachais cúig phointe iontrála is féidir a úsáid chun tabhairt faoi chúrsa nó topaic ar bith. Baineann na pointí iontrála a gcuireann sé síos orthu lena chuid taighde agus is féidir tairbhe a bhaint astu chun rannpháirtíocht scoláirí a chur chun cinn agus chun iad a spreagadh.

## An Deis Inste

An pointe iontrála ina bhfreagraíonn scoláirí don insint nó do ghnéithe scéalaíochta i saothar ealaíne


Arbh fhéidir le scoláirí...




## An Deis Aeistéitiúil

An pointe iontrála ina bhfreagraíonn scoláirí do na cáilíochtaí foirmiúla agus céadfacha atá ag ábhar nó ag saothar ealaíne


Arbh fhéidir le scoláirí...




## An Deis Loighciúil / Chainníochtúil

An pointe iontrála ina bhfreagraíonn scoláirí do ghnéithe d'ábhar nó de shaothar a lorgaíonn tátal nó réasúnaíocht uimhreacha

Arbh fhéidir le scoláirí...




## An Deis Eispéireasach

An pointe iontrála ina bhfreagraíonn scoláirí d'ábhar nó do shaothar ealaíne trí bheith gníomhach dáiríre lena gcuid lámh nó lena gcorp

Arbh fhéidir le scoláirí...

Rólimirt nó Taibhiú

Piartheagasc & Grúpobair

Athchruthaigh Saothar Ealaíne

Cuairt a thabhairt ar Dhánlann



## An Deis Bhunúsach

An pointe iontrála ina bhfreagraíonn scoláirí do na coincheapa níos leithne de cheisteanna fealsúnacha a ardaítear trí ábhar nó trí shaothar ealaíne



Arbh fhéidir le scoláirí...

Machnaigh & Meabhraigh

Ceistigh & Measúnaigh

Déan Léirmheas & Breithiúnas

Réasúnaigh & Tabhair údar le

https://ccsfmuseumstudies2015.files.wordpress.com/2015/01/entrypointquestions.pdf

# BREATHNAIGH. ANOIS, BREATHNAIGH ARÍS. AG DUL ISTEACH I SAOTHAR EALAÍNE

## BREATHNAIGH

Tóg d'am. Caith trí nó ceithre nóiméad ag breathnú go díreach sa chiúnas.

## BREATHNAIGH

Cad é a thug tú faoi deara?

Roinn do chuid tuairimí breathnóireachta leis an rang.

## FEIC BREATHNAIGH arís

Ar thug tú rud ar bith nua faoi deara?

An féidir leat na tuairimí breathnóireachta a rinne do chomhghleacaithe a fheiceáil?

## CUIR SÍOS

Cad é atá ag tarlú sa saothar ealaíne seo?

Cad é a fheiceann tú a thugann ort sin a rá?

## DÉAN ANAILÍS

Cad iad na gnéithe nó na prionsabail deartha a d'úsáid an t-ealaíontóir?

Luach, gluaiseacht, codarsnacht, rithim, béim, aontacht.

Conas a d'úsáid siad iad?

## LÉIRMHÍNIGH

Bunaithe ar an rud a chonaic tú sa saothar ealaíne, cad é a mheasann tú atá an t-ealaíontóir a chur in iúl?

## BREATHNAIGH ARÍS + MEASÚNAIGH

Tóg am chun breathnú arís.

Déan do mhachnamh arís ar an íomhá ina hiomláine i dtaca lena codanna uile.

An féidir leat a thuiscint cén fáth a raibh léirmhíniú éagsúil ag daoine eile leat?

Breathnaigh. Anois breathnaigh arís.

## TABULA (ACCTAM)

Tá modh cruthaithe ag Ossian Ward, scríbhneoir, léirmheastóir, agus Ceannaire Inneachair ag Dánlann Lisson i Londain, chun cabhrú leis an eispéireas agus leis an tuiscint ar shaothair ealaíne chomhaimseartha.

Úsáid acrainm Ward: TABULA (ACCTAM) chun na saothair ealaíne chomhaimseartha atá ar taispeáint sa Dánlann a spíonadh amach


| | |
|---|---|
| **A** | Am. Caith dhá nó trí nóiméad ag breathnú ar an saothar ealaíne go ciúin. Tabhair deis duit féin smaointe, tuairimí agus machnaimh a bhailiú le chéile |
| **C** | Ceangal. An féidir leat a thuiscint ? Is féidir go bhfuil tarraingt aeistéitiúil ag an saothar ealaíne ort nó go gcuireann sé rud eile a bhfuil taithí agat air i gcuimhne duit. |
| **C** | Cúlra. Is féidir go dtabharfadh an teideal nó lipéad ar an mballa eolas éigin duit a d'fhéadfadh rún an ealaíontóra a nochtadh duit. Corruair ní bhíonn de dhíth ach an tír arb as an t-ealaíontóir chun an pictiúr a shoiléiriú. |
| **T** | Tuiscint. De réir mar a théann A C C i bhfeidhm ort, is féidir go mbeadh cuid den eolas ag teacht le chéile duit agus go dtiocfadh roinnt tuiscintí dá bharr. |
| **A** | Athscrúdaigh. Anois, breathnaigh arís air. Trí bhreathnú sínteach a dhéanamh, is féidir go bhfeice tú rud eile nár aithin tú roimhe. |
| **M** | Measúnú. |

Anois is féidir go mbeadh tuairim nó tuiscint bainte amach agat i dtaobh an tsaothair ealaíne. Cé go mbíonn measúnú suibiachtúil, níor chóir díriú isteach air sin ar dtús. Téigh tríd an bpróiseas TABULA (ACCTAM) sula ndéanfaidh tú aon chinneadh dian.

Achoimre ar Ward, O. (2014). *Ways of Looking: How to Experience Contemporary Art : How to Experience Contemporary Art.*

# NÓTAÍ

# Naisc Úsáideacha don Phleanáil i mBliain 3

| | | |
|---|---|---|
| **Ciorclán 60/19**<br>Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Amharc-Ealaín – Achoimre ar Mheasúnacht Rangbhunaithe 2 agus Measúnacht Dheiridh<br>https://www.examinations.ie/misc-doc/IR-EX-69359895.pdf |  | |
| **Ciorclán 55/19**<br>Socruithe le haghaidh Chur chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2019/20<br>https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0055_2019_ir.pdf |  | |
| **Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2020**<br>Visual Art-Brief for Classroom-Based Assessment 2 and the Final Assessment<br>https://www.examinations.ie/misc-doc/IR-EX-11282254.pdf |  | |
| **Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Amharc-ealaín**<br>**Treoirlínte do na MRB 1 agus MRB 2**<br>https://curriculumonline.ie/getmedia/be2ee029-3160-4470-b5fc-8dc2fe0a5795/Assessment_Guidelines_Visual_Art_GA.pdf |  | |
| **MRB 2 - D'aon Amharc**<br>Measúnú Rangbhunaithe 2: Cuir in iúl agus Déan Machnamh céim 1 do bhliain 3<br>https://www.jct.ie/perch/resources/art/cba-2-at-a-glance-2019-2020.pdf |  | |
| **Na Gnéithe Cáilíochta**<br>Measúnú Rangbhunaithe 2<br>https://www.jct.ie/perch/resources/art_ga/na-gnithe-calochta-mrb2-september.pdf |  | |
| **Dréacht-ráitis do CSSS**<br>https://www.jct.ie/perch/resources/art/draft-visual-art-jcsp-statements.pdf |  | |
| **Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí a nascadh le Cláir Foghlama Leibhéil 2**<br>https://www.jct.ie/perch/resources/art/linking-visual-art-with-l2lps.pdf |  | |
| **Treoirlínte maidir le Cláir Foghlama Leibhéal 2 do mhúinteoirí**<br>https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f03b2786-2e04-454e-b0b8-56e313ff62b2/11729-NCCA-Level-2-Guidelines-V5August-2014.pdf |  | |

## Plean Bliana na hAmharc-Ealaíne

**SAMPLA**

| Bliain ghrúpa | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Téarma | Spreagadh/ Téama | Torthaí Foghlama | Cad a fhoghlaimeoidh an scoláire? | Fianaise ar Fhoghlaim | Acmhainní |
| | | | | | |

**Athbhreithniú**

# Gluais de Bhriathra Gnímh

**Aguisín D: Gluais de Bhriathra Gnímh**


Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Beidh an ghluais seo ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| **Briathra gnímh** | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aimsigh** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Aithin** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Anailísigh** | nótaí gairide nó sceitsí mínithe a chur le léaráid nó le graf |
| Anailísigh (go healaíonta) | mar atá thuas, lena n-áirítear gnéithe nó struchtúir aonair a shainaithint agus a shoiléiriú sa dealramh |
| **Anótáil** | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun meon duine eile a athrú nó é a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| **Argóin** | teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar |
| **Bain de thátal as** | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuiscint níos mó a bhaint as rud ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| **Bain tátal as** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Ceangail** | rud a shamhlú le rud eile, agus cúiseanna a thabhairt |
| **Ceap** | na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | an topaic atá le déanamh a phróiseáil agus foirm a thabhairt di ach úsáid a bhaint as modhanna agus ábhar roghnaithe agus/nó foirm nua a thabhairt don ábhar a úsáidtear |
| **Cruthaigh (gur fíor rud)** | sraith céimeanna loighciúla a úsáid chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach ar bhealach foirmiúil |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i gcodarsnacht** | comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh nó dhá shaothar ealaíne nó an méid difríochtaí atá eatarthu a bhrath |
| **Cuir i ngrúpa** | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| **Cuir i láthair** | foirm shonrach cumarsáide ina ndéantar íomhánna/rudaí inbhraite do dhaoine eile |
| **Cuir le chéile** | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh; nó tógáil nó foirmiú ó eilimintí difriúla |
| **Cur síos/ míniú gairid a thabhairt** | ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin |

| | |
|---|---|
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid líníochtaí, sceitsí nó léaráidí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Déan critic ar** | na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann, mar shampla, le smaoineamh, déantúsán nó próiseas ealaíonta a lua, agus cúiseanna a thabhairt |
| **Deimhnigh** | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |
| **Díorthaigh** | teacht ar ráiteas deiridh trí phróiseas smaointeoireacht loighciúil |
| **Faigh amach** | an t-aon fhreagra féideartha a fháil trí ríomh, trí luachanna tomhaiste nó atá ar eolas a chur in ionad cainníochtaí eile i bhfoirmle chaighdeánach |
| **Fiosraigh** | smaoineamh nó labhairt faoi rud éigin chun tuilleadh eolais a fháil ina leith |
| **Forbair** | píosa oibre nó smaoineamh a fhorbairt ón staid tosaigh go dtí staid níos faide ar aghaidh |
| **Idirdhealaigh** | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| **Iniúch** | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirigh** | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Liostaigh** | roinnt pointí a thabhairt, gan aon mhíniú breise |
| **Luaigh** | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| **Meas** | ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i ndéantúsáin; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú |
| **Measúnaigh (faisnéis)** | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, réitigh nó modhanna |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, réitigh nó modhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |

| | |
|---|---|
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Réitigh** | freagra a aimsiú trí réasúnaíocht |
| **Ríomh** | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Sainmhínigh** | an míniú beacht ar fhocal, frása, coincheap a thabhairt |
| **Samhaltaigh** | léiriú nó macasamhail scála de shaothar ealaíne a chruthú mar phlean i gcomhair rud a chruthú san fhíorshaol |
| **Sceitseáil** | cur in iúl trí léaráid nó trí ghraf (ar na lipéadú mar is cuí); ba chóir go dtabharfadh an sceitse barúil den chruth nó den chaidreamh a theastaíonn, agus ba chóir go mbeadh na gnéithe ábhartha ann |
| **Scrúdaigh** | argóint, coincheap nó réad a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí a idirchaidrimh nó a dhéanamh |
| **Sintéisigh** | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Tabhair chun cuimhne** | cuimhneamh ar rud nó é a aithint ó réamheispéiris foghlama |
| **Tabhair fianaise** | sonraí, obair agus cáipéisíocht a chuireann le tátail nó le conclúidí |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Taispeáin (le fianaise)** | faisnéis a thabhairt ina gcuirtear in iúl go bhfuil rud éigin fíor nó bailí nó fíricí a shuí in iniúchadh |
| **Tiontaigh** | rud a athrú go foirm eile, mar shampla, líníocht a úsáid chun struchtúr tríthoiseach a chruthú |
| **Tomhais** | athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh |
| **Trácht** | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| **Tuar** | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| Tuig | corpas dea- -eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |

# Achoimre ar bhliain 3   2019-2020




## Nótaí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# JuniorCYCLE for teachers



## Sonraí Teagmhála:

**Oifig Riaracháin:**

Ionad Oid. Mhuineacháin,

Bóthar Ard Mhacha,

Muineachán.

www.metc.ie

**Oifig an Stiúrthóra:**

BOOLM,

Sráid an tSéipéil,

Dún Dealgan,

An Lú.

**Le haghaidh gach fiosrúcháin déan teagmháil le**:

info@jct.ie

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.schoolself-evaluation.ie

Lean muid ar Twitter: Twitter:

@jctVisualArt
@JCforTeachers

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills